



An Binse Achomhairc Fostaíochta
Employment Appeals Tribunal

Treoirlínte d'Fhostaithe, Fostóirí agus Cleachtóirí a thagann os comhair an Bhinse Achomhairc Fostaíochta

Níl anseo ach **amháin treoirlíne** agus is amhlaidh nach ceart a mheas fúithí go dtugtar tuairisc iomlán agus chuimsitheach inti ar shaothar an Bhinse. Ba cheart í a léamh i gcomhar leis an reachtaíocht faoina n-éisteann an Binse Achomhairc Fostaíochta le cásanna.

CLÁR ÁBHAR

Caibidil 1		
1.1	Réamhrá	3
1.2	Athruithe ó 1 Deireadh Fómhair 2015 i leith	3
Caibidil 2		
2.1	Dáta Éisteachta	4
2.2	Ullmhú an Cháis	4
2.3	Lá Éisteachta	5
2.4	Cinntiúchán	7
Caibidil 3		
3.1	Iarratais don Bhinse	9
3.2	Cás a Tharraingt Siar	10
3.3	Costas agus Ionadaíocht	10
3.4	Saoráidí Speisialta	11
3.5	Ateangairí	11
3.6	Fís-Chomhdháil/Skype	11
3.7	Fianaise CCTV	11
3.8	Luathscríbhneoir	12
Caibidil 4		
4.1	Cosaint Sonraí	13
4.2	An tSaoráil Faisnéise	13
4.3	Cartlannú Comhad	13
4.4	Eolas Ginearálta um Chearta Fostaíochta	14
Aguisíní -		
A	Reachtaíocht Forfheidhmiúcháin agus Teorainneacha Ama	15
B	Gluais Téarmaí	16
C	Comhlachtaí Comhairleacha agus Faisnéise	17

CAIBIDIL 1

1.1 Réamhrá

Bunaíodh an Binse Achomhairc Fostaíochta (ar a dtabharfar an Binse dá éis seo) chun bealach réasúnta neamhchostasach agus neamhfhoirmiúil a chur ar fáil le breithiúnas a dhéanamh i gcás díospóidí maidir le cearta fostaíochta faoi mhíreanna ilíocha reachtaíochta a thagann faoi raon feidhme shaothar an Bhinse. Ba cheart do gach páirtí agus ionadaí meabhrú ar na cuspóirí sin nuair a bhítear ag ullmhú agus ag cur i láthair cásanna os comhair an Bhinse, agus ba chóir dóibh féachaint go sonrath chun ró-úsáid an bhéarlair chuirte agus na nósanna imeachta a sheachaint. Caithfear meabhrú ámh go bpléann an Binse le cearta fostaíochta a thugtar d'fhostaithe/oibrithe leis an reachtaíocht agus, is amhlaidh dá réir a chaiteann an Binse rialacha fianaise áirithe a leanúint ar solúbtha é ná na cúirteanna níos uachtaraí. Is go poiblí a reáchtáiltear éisteachtaí os comhair an Bhinse. Féadann an Binse cás a éisteacht go príobháideach in imthosca eisceachtúla, ar iarratas a fháil ó pháirtí éigin. Ní phléann an Binse ach amháin le cearta fostaíochta.

1.2 Athrú i nósanna imeachta an Bhinse ó 1 Deireadh Fómhair 2015 i leith

Ní ghlacann an Binse le héilimh nó achomhairc dhíreacha ó Mholtaí/cinntí na gCoimisinéirí um Chearta a thuilleadh tar éis bhunú an Choimsiúin um Chaidreamh Oibreachais an 1 Deireadh Fómhair 2015. Glacann an Binse le foirmeacha Forfheidhmiúcháin (T1D) go fóill a bhfuil fáil orthu ar láithreán gréasáin um Chaidreamh Oibreachais www.workplacerelations.ie. Caithfear an fhoirm sin a chomhlánú chun forghníomhú/forfheidhmiú molta nó cinnidh de chuid na gCoimisinéirí um Chearta

Is é sainchúram reatha an Bhinse chun plé le gach éileamh (idir chinn díreacha, achomhairc agus forfheidhmithe) ar láimh agus arna thaisceadh roimh 1 Deireadh Fómhair 2015 agus le forfheidhmithe arna dtaisceadh tar éis 1 Deireadh Fómhair 2015. Eisítear aitheantas don éilitheoir tar éis T1D a fháil. Seolann rúnaíocht an Bhinse cóip den fhorfheidhmiú chuig an bpáirtí eile (freagróir). Seolfar é sin le foirm ar a dtugtar fógra láithris (Foirm T2D). Tugtar 14 lá don fhreagróir chun freagairt don éileamh agus chun an fhoirm T2D a chomhlánú; agus is amhlaidh tar éis fháil na foirme T2D a sheolfar cóip don éilitheoir, agus dá n-ionadaí más infheidhme í. Aithnítear agus cóipeáiltear idir na páirtithe gach comhfhreagras ó agus chuig an dá pháirtí.

CAIBIDIL 2

Leagtar amach sa mhéid seo a leanas an nós imeachta ginearálta a bhaineann le gach éileamh a thaisctear leis an mBinse. Ba chóir go dtabharfaí faoi deara gur ríthábhachtach é go gceadaítear ainm dlíthiúil ceart iomlán agus seoladh gnó cláraithe an fhostóra agus go n-iontráiltear sna foirmeacha thuas iad. Sa chás go nochtar teideal dlíthiúil mícheart ar mholadh na gCoimisinéirí um Chearta, is amhlaidh a chaithfear ordú ceartaitheach a lorg ó na Coimisinéirí um Chearta.

2.1 Dáta Éisteachta

Socraíonn rúnaíocht an Bhinse dáta i gcomhair éisteachta agus cuireann sé sin in iúl trí phostas cláraithe do na páirtithe lena mbaineann. Reáchtáiltear na héisteachtaí i mBaile Átha Cliath ag 65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2 agus in ionaid éagsúla ar fud na tíre. Reáchtáiltear na héisteachtaí go poiblí mura gcinneann an Binse, ach iarratas a fháil ó cheachtar den dá pháirtí, chun an fhianaise a éisteacht go príobháideach. Ní cheadaítear d'éisteacht phríobháideach ach amháin in imthosca speisialta agus caithfear iarratas ar éisteacht *'in camera'* a dhéanamh ag tús éisteachta éigin.

Ar fháil fógra éisteachta is féidir iarratais a dhéanamh chuig, *inter alia*, chun an cás a chur siar, nó chun toghairm finné a lorg. I gcás toghairme finné, is faoin bpáirtí atá ag lorg na toghairme a luífidh aon chostais ná caiteachais a thabhaíonn finné éigin, agus beidh ar an bpáirtí úd, gealltanais chun na críche sin a shíniú nuair a bhítear ag déanamh an iarratais. Caithfear gach iarratas a dhéanamh os comhair Rannóige suí den Bhinse. (Féach Caibidil 3.1)

Tá tréimhse feithimh ann chun is go n-éistfear le héilimh. Déan teagmháil le rúnaíocht an Bhinse ag 01-6313006 i gcomhair na tréimhse feithimh reatha.

2.2. Ullmhú an Cháis

Fachtóir tábhachtach in ullmhú an cháis lena chur faoi bhráid an Bhinse is ea eagrú na bhfíricí in ord díreach agus aimsire, ionas go gcuirfear an cás faoi bhráid an Bhinse ar bhealach soiléir sothuigte. Féadann páirtí finné/finnéithe a thabhairt leo chun a leagan de na fíricí a thabhairt don Bhinse chun cás a chruthú ag an éisteacht. Ba chóir go gcuirfí na finnéithe faoi agallamh roimh an éisteacht féin, ag an bpáirtí a ghlaonn orthu agus ba chóir, más féidir é, go dtaifeadfaí leagan scríofa de na himeachtaí i gceist chun cúnaimh leis an éisteacht agus chun éisteacht ní ba mhoille a sheachaint. Ní bhíonn an chumacht ag an

mBinse chun follasú cáipéisí a ordú ná chun páirtí a ordú chun cáipéisí a tháirgeadh don fhrithpháirtí eile, ach féach 3.1 leis seo.

Ba cheart go dtabharfadh páirtí leo aon cháipéisí clóbhuailte a bhaineann leis an bhfostaíocht nó leis an dífhostú chun cás a chruthú; go háirithe cóip den chonradh fostaíochta agus de bheartais an fhostóra ar ábhartha don dífhostú. Ba chóir go gcuirfí cóip de na cáipéisí le húsáid ag an éisteacht ar fáil ag an éisteacht; ba cheart go mbeidís seo ceangailte agus a leathanaigh uimhrithe.

2.3 Lá Éisteachta

Ba cheart go dtiocfaidh na páirtithe in am tráthúil don éisteacht agus a mbealach a dhéanamh chuig deisc fáilte an EAT, más i mBaile Átha Cliath nó san ionad ábhartha é. Cuirfidh an rúnaí leis an Rannóg iad féin in aithne do na páirtithe.

Leagan amach an tseomra don éisteacht

Éistfidh Rannóg le triúr comhaltaí den Bhinse leis an gcás. Bainfidh cathaoirleach, comhalta amháin arna ainmniú ag grúpa fostóirí agus comhalta amháin arna ainmniú ag Comhdháil na gCeardchumann leis an rannóg. Tá na hainmnithe/comhaltaí seo ann chun a gcuid eolais agus saineolais a sholáthar leis an bhfianaise a bhaint agus chun cúnaimh leis an bhfeidhm chinnteoireachta. Bíonn an Rannóg ina suí ag barr an tseomra. Bíonn an rúnaí leis an Rannóg ina suí in aice leis an Rannóg. Bíonn na páirtithe leis an éileamh ina suí ar gach aon taobh den seomra, agus bord an fhinné suite i lár an tseomra. Is iondúil go mbíonn daoine ón bpobal, lena n-áirítear lucht féachana, ar nós mac léinn, a fhreastalaíonn ar éisteacht éigin ina suí ag cúl an tseomra.

Cur i Láthair an Cháis

Tugann an Binse treoir do na páirtithe i leith na nósanna imeachta a nglacfar leo sa chás. Déantar an éisteacht a stiúradh ar nós aon chruinniú eile, agus caitheann rialacha bheith ann chun bainistiú cuí na héisteachta a chinntiú. Cuirtear na rialacha fianaise chun feidhme agus fianaise na bpáirtithe á tabhairt. Ba cheart go gcuimhneodh na páirtithe go gcaitheann siad gach fóras a chur in iúl don Bhinse in ord aimsire le cur ar a chumas chun glacadh le cinneadh cothrom ina gcás-san.

Má theastaíonn ó pháirtí éigin leas a bhaint as cáipéisí agus a gcás á chur i láthair, ba cheart go n-idirmhalartófaí iad sin leis na páirtithe, agus ba chóir go n-aontóidís orthu, de mar ab fhéidir, roimh thús na héisteachta. Má bhíonn easaontas idir na páirtithe i leith aon

cháipéise, is amhlaidh a tharchuirfear an t-ábhar faoi bhráid na Rannóige ag an éisteacht le teacht ar chinneadh ina leith. Is mar seo a leanas forbhreathnú ginearálta ar na nósanna imeachta;

Bíonn gach aon pháirtí leis an éisteacht i dteideal ráiteas oscailte a aitheasc chun a gcás a achoimriú;

- Tugann finné fianaise ansin (fianaise dhíreach) don Bhinse. Is faoi mhionn go hiondúil a thugtar fianaise sna cásanna i leith Dífhostaithe Éagóraigh
- Caitheann an fhianaise a thugtar bheith ábhartha do na cúrsaí faoi dhíospóid idir na páirtithe
- Déanann an taobh eile ceistiú ar an bhfinné, nuair a thagann deireadh le tabhairt a gcuid fianaise, i leith na fianaise a tugadh agus freisin i leith saincheistanna eile a mheastar a bheith ábhartha do na himeachtaí (croscheistiú).
- Má thagann ábhar nua aníos sa chroscheistiú ar fhinné, is amhlaidh ansin a fhéadfar ceistanna a fhiafraí den fhinné ag éirí as an ábhar úd, ag a (h)ionadaí (athcheistiú)
- Is féidir le comhaltaí an Bhinse ceistanna a chur ar an bhfinné ansin chun is go soiléireofaí an fhianaise nó chun fíricí a bhunú, a measann siad futhú gur ábhartha iad.
- Ceistítear gach finné ansin ar an mbealach céanna
- Ar chríochnú na fianaise béil is amhlaidh a fhiafraíonn an Binse de na páirtithe a ndearcadh i leith na leigheasanna éagsúla. Níor cheart go mbainfeadh páirtí éigin tátal as sin gur glacadh le cinneadh i leith an cháis.
- Féadann na páirtithe ráiteas dúnta a thabhairt más mian leo ansin, agus / nó aighneachtaí dlíthiúla a thaisceadh i leith an cháis don Bhinse. Iarrfaidh an Binse ó thráth go chéile chun aighneachtaí scríofa a fháil.

Leigheasanna

Is amhlaidh a dheonóidh an Binse ceann amháin as trí leigheas nuair a chinneann sé gur dífhostaíodh éilitheoir go héagórach;

- **Aischur** trína gcuirtear an t-éilitheoir ar ais sa phost ina raibh siad díreach roimh an dífhostú, lena gcaomhnaítear na teidlíochtaí reachtúla agus fostaíochta go léir atá acu, agus faoina dteastaíonn go n-íoctar tuarastal/pá leis an duine ó dháta an dífhostaithe i leith.

- **Ath-rannpháirtíocht** trína gcuirtear an t-éilitheoir ar ais sa phost céanna, nó i bpost éagsúil, leis na téarmaí agus na coinníollacha a mheasann an Binse bheith cuí, agus ó dháta arna chinneadh ag an mBinse.
- **Cúiteamh** a fhéadtar a dheonú mar leigheas mar a meastar an dá leigheas eile bheith míoiriúnach. Bíonn an cúiteamh teoranta don chaillteanas airgeadais iarbhír is inchurtha i leith an dífhostaithe. Is é olltuarastal dhá bhliain an cúiteamh uasta is incheadaithe, agus áireofar leis sin caillteanas go nuige seo agus amach anseo. Ní fhéadtar tuarastal amháin a áireamh leis an oll-luach saothair, ach freisin an costas don fhostóir a bhaineann le tairbhí eile a sholáthraítear don fhostaí. Bíonn dualgas ar an bhfostaí dífhostaithe chun fostaíocht mhalartach a lorg tar éis an dífhostaithe, agus tabharfar mainneachtain chuige sin san áireamh nuair a bhítear ag measúnú an chúitimh.

Lorgófar tuairimí na bpáirtithe sula nglacann an Binse cinneadh i leith an leighis iomchuí. Bíonn rogha ag an mBinse ámh chun an leigheas a mheasann sé bheith mar an ceann is iomchuí i ngach aon chúinse a dheonú.

2.4 Cinntiúchán

Glacfaidh an Binse cinntiúchán tar éis na héisteachta, a thaifeadtar i gcáipéis arna síniú ag Cathaoirleach an Rannáin agus arna séalú le séala an Bhinse. Is críochnaitheach agus conclúideach iad na cinntiúcháin scríofa, nach dtagann faoi réir ach an bealach achomhairc dhlíthiúil iomchuí chun na gCúirteanna níos Uachtaraí. Cé go mbíonn cumhachtaí teoranta ag an mBinse chun roinnt míchruinneas teicniúil a cheartú nó a leasú (féach mar shampla Alt 39 den Acht um Eagrú Ama Oibre 1997).

Mura dtugtar achomharc i gcoinne cinntiúcháin m.sh. dífhostú éagórach, laistigh de sé seachtaine ó dháta a fhála ag na páirtithe, is amhlaidh is féidir leis an bhfostaí glacadh le céimeanna chun é a fhorfheidhmiú. Is trí an gCúirt Chuarda a fhorfheidhmítear an cinntiúchán. Is in-fhorghníomhaithe go dlíthiúil iad gach cinntiúchán de chuid an Bhinse.

I dteannta le cóip den chinntiúchán, is amhlaidh a fhaigheann na páirtithe nótaí treoracha (ar fáil ar www.workplacerelations.ie), ina dtugtar forbhreathnú ar na nósanna imeachta achomhairc agus forfheidhmithe.

Eisiúint Cinntiúchán

Is féidir leis an achar ama a ghlactar chun cinntiúchán a eisiúint brath ar roinnt athróg lena n-áirítear, *inter alia*, castacht an cháis nó fáil aighneachtaí dlíthiúla scríofa ó na páirtithe. Is i bhfianaise sin a eisítear na cinntiúcháin chomh luath agus is féidir tar éis na héisteachta.

Clár na gCinntiúchán

I gcomhréir le hIonstraimí Reachtúla Uimh. 24 de 1968, Rialacháin Iomarcaíochta (Binse Achomhairc Iomarcaíochta) agus Uimh. 268 de 1977 Rialacháin Dífhostuithe Éagóracha (Éilimh agus Achomhairc) 1997, is sa Chlár a fhaightear cóip de gach cinntiúchán. Bíonn an clár ar fáil le hamharc air ag aon duine i rith uaireanta oifige i dTeach Davitt. Is féidir cóip a fháil d'aon chinntiúchán ach iarratas a dhéanamh. Áirítear leis na cinntiúcháin sa Chlár mionsonraí páirtithe.

Bíonn na cinntiúcháin ón mbliain 2007 ar aghaidh ar fáil freisin ar www.workplacerelations.ie. Bíonn cinntiúcháin ar fáil ó mhí Aibreáin 2014 ar aghaidh ar an láithreán gréasáin seo le hainmneacha na bpáirtithe.

CAIBIDIL 3

3.1 Iarratais don Bhinse

Caithfear na hiarratais a dhéanamh os comhair Rannóige suí den Bhinse. Glactar le hiarratais faoi dhó in aghaidh an lae i dTeach Davitt (roimh 10r.n. agus 2i.n. go laethúil) agus sna hionaid seachtainiúla ábhartha. Is ar aghaidh chuig an gcéad suí eile a rachaidh iarratais déanacha. Is féidir iarratais a dhéanamh do chur siar éisteachta, do thoghairm finné agus do thoghairm i leith táirgeadh cáipéisí, chun éisteacht a bhrostú, chun síneadh a chur leis an éisteacht i gcomhair tréimhse níos faide ná mar a ceadaíodh ar dtús (leath lae), chun éileamh a tharraingt siar le cead chun athiontrála sa chás gur thángthas ar shocraíocht idir na páirtithe agus chun síneadh a chur leis an achar d'athiontráil an éilimh, más gá.

Cur Siar

Is de bhrí an chineáil ní atá sa chur siar a chuireann siad moilleanna leis an sceideal éisteachtaí agus nach ndéanfaítear iad ach amháin ar foras tromchúiseach. Breithneoidh an Binse gach iarratas ar chur siar áfach. Breithneoidh sé i ndáiríre na hábhair seo a leanas nuair a thugtar ar chinneadh an cur siar a dheonú nó gan é a dheonú:

- An bhfuil foras fóinteach ann don chur siar?
- An ndearnadh an t-iarratas laistigh de chúig lá oibre ó fháil fhógra an dáta éisteachta nó ag an deis ba luaithe dá héis sin?
- An bhfuarthas toiliú scríofa an pháirt eile?

Sa chás nach dtugann an páirtí eile toiliú, ná nach féidir é a fháil go furasta, teastaíonn ón mBinse dá ainneoin sin go ndéantar an t-iarratas ag an dáta is luaithe agus is féidir.

Ba cheart go mbeadh fianaise ag an bpáirtí a dhéanann iarratas don chur siar dá ndícheall chun toiliú scríofa an pháirtí eile a fháil, mura bhfuil an páirtí sin i láthair nuair a dhéantar an t-iarratas. Is amhlaidh nach slánófar cur siar do pháirtí éigin go huathoibríoch le déanamh an iarratais laistigh de chúig lá oibre tar éis fháil fhógra na héisteachta, agus le toiliú an pháirtí eile. Caitheann an páirtí atá ag déanamh iarratais don chur siar gealltanais a thabhairt chun cinneadh an Bhinse a chur in iúl do gach páirtí laistigh de lá oibre amháin.

Toghairm Finné

Féadann an Binse fógra a eisiúint (toghairm finné) d'fhinné drogallacha chun freastal ar éisteacht éigin agus chun fianaise a thabhairt. Féadann sé fógra a eisiúint freisin chun cáipéisí áirithe a tháirgeadh

Caitheann an páirtí ar mian leis iallach a chur ar fhinné iarratas a dhéanamh do Rannóg suí den Bhinse. Ba chóir go n-aithneofaí in iarratas ar aon fhógra mar sin an finné, agus go mionsonrófaí ann cineál na gcáipéisí atá de dhíth. Is faoi rogha an Bhinse é eisiúint fógra éigin. Ba cheart go ndéanfaí an t-iarratas don fhógra sin chuig an mBinse chomh luath agus a fhógraítear dáta na héisteachta don pháirtí, ach ar chaoi ar bith **in am tráthúil chun is go dtugtar deis réasúnta don fhinné chun socruithe a dhéanamh chun freastal, agus de mar is gá, chun cáipéisí a thiomsú.** Is faoin bpáirtí atá ag lorg an fhógra a luífidh aon chostais ná caiteachais a thabhaíonn finné mar sin, agus beidh ar an bpáirtí úd, gealltanais chun na críche sin a shíniú nuair a bhítear ag déanamh an iarratais.

3.2 Cás a Tharraingt Siar

Ní féidir iarratas a tharraingt siar ach amháin ag an éilitheoir nó ag a n-ionadaí. Más mian leat cás a tharraingt siar is féidir leat é sin a dhéanamh trí chomhairle a thabhairt don rúnaíocht trí litir, facs nó ríomhphost agus trí leas a bhaint as na focail 'tarraingt siar' in inneachar an chomhfhreagrais. Ní féidir le freagróir cás a tharraingt siar ar son éilitheora. Sa chás go bhfuil páirtí ag lorg cás a tharraingt siar le cead chun athiontráil (i gcásanna mar a bhféadfadh an tsocraíocht cliseadh); ní foláir dóibh é sin a dhéanamh os comhair rannóige suí den Bhinse.

3.3 Costas agus Ionadaíocht

Is seirbhís shaor in aisce í chun éileamh a thabhairt chun an Bhinse. Is féidir le páirtí d'éisteacht éigin os comhair an Bhinse teacht agus éisteacht phearsanta a fháil, nó is féidir leo ionadaíocht a fháil ó oifigeach ceardchumann, ionadaí ó eagrais fostóirí nó, ó aturnae, ó abhcóide nó, le cead an Bhinse, ó dhuine ar bith eile. Má roghnaíonn páirtí go mbeidh ionadaíocht acu, is iadsan a bheidh freagrach as gach costas a bhaineann leis an ionadaíocht úd. Ní theastaíonn ón reachtaíocht go mbíonn ionadaíocht ag éisteacht éigin ag páirtí.

Ní féidir leis an mBinse costais a dhámhachtain i gcoinne aon pháirtí, murab í an tuairim atá aige gur fheidhmigh siad go suaibhreasach nó go cráiteach. Bíonn na costais sin teoranta do mhéid shonraithe i ndáil le caiteachais taistil agus d'aon chostais ná caiteachais eile a thabhaigh an páirtí eile go réasúnta i dtaca leis an éisteachta, ach ní áireofar leo aon suim

d'fhreastal abhcóide ná aturnaetha, oifigeach ceardchumann, ná ionadaithe ó eagrais fostóirí.

3.4 Saoráidí Speisialta

Is inrochtana ina n-iomláine iad oifigí an Bhinse ag Teach Davitt i mBaile Átha Cliath agus tá ceann amháin de na seomraí feistithe le closchóras lúb. Glacfaidh an Binse, ach iarratas a fháil, gach céim is praiticiúil chun saoráidí speisialta a sholáthar do dhuine le míchumais agus/nó le héilimh speisialta eile. Iarrtar ar na páirtithe fógra a thabhairt don Bhinse i bhfad roimh an éisteacht má theastaíonn saoráidí speisialta.

3.5 Ateangairí

Má bhraitheann tú go mbeidh ateangaire ríbhunúsach d'éisteacht an éilimh, is féidir leat iarratas a dhéanamh do rúnaíocht an Bhinse trí litir nó trí ríomhphost (EAT@djei.ie) i gcomhair ateangaire, ag táscaidh na teanga a bheidh de dhíth. Bheifí buíoch díot dá bhféadfá an t-iarratas a dhéanamh dhá sheachtain ar a laghad roimh dháta na héisteachta.

3.6 Fís-Chomhdháil/Skype

Ní thugtar cead go huathoibríoch d'úsáid Skype/Fís-Chomhdhála ag éisteachtaí an Bhinse. Caithfear iarratas foirmiúil a dhéanamh d'úsáid saoráide mar í agus caithfear toiliú a fháil ón taobh eile. Ba chóir duit comhairle a chur ar an taobh eile faoin dáta agus tráth a bhfuil sé i gceist agat iarratas a dhéanamh. Féadann an Binse cead a thabhairt nó gan cead a thabhairt don iarratas. Ní foláir duit a eagrú go mbíonn an trealamh cuí ar fáil sa chás go gceadaítear don iarratas, nó gur féidir é sin a éascú ag ionad na héisteachta. **Ní sholáthraíonn an Binse ná ní íocann sé as na saoráidí úd agus níl sé freagrach as feidhmiú aon trealaimh mar é.**

3.7 Fianaise CCTV

Más mian leat úsáid a bhaint as taifeadadh CCTV mar chuid de d'fhianaise, ní foláir duit cead Rannóg an Bhinse a lorg ag tús na héisteachta. Ní foláir duit a eagrú go mbíonn an trealamh cuí ar fáil sa chás go gceadaíonn an Binse d'úsáid na fianaise CCTV, nó gur féidir é sin a éascú ag ionad na héisteachta. **Ní sholáthraíonn an Binse na saoráidí úd agus níl sé freagrach as feidhmiú aon trealaimh mar é.**

3.8 Luathscríbhneoir

Is féidir seirbhísí luathscríbhneoirí a úsáid ag éisteachtaí EAT. Ba cheart don pháirtí a bhaineann leas as luathscríbhneoir a chur in iúl don Bhinse lá na héisteachta go bhfuil siad chun leas a bhaint as luathscríbhneoir.

CAIBIDIL 4

4.1 Cosaint Sonraí

Coinníonn An Binse Achomhairc Fostaíochta na sonraí i leith gach iarratas a fhaightear. Is ionann cosaint sonraí agus cosaint chearta príobháideachais daoine aonair i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. Tugtar cearta do dhaoine aonair chomh maith le freagrachtaí do na daoine úd a phróiseálann sonraí pearsanta faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 agus 2003. Ní bhaineann sonraí pearsanta, arna gclúdach faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, ach amháin leis an eolas ar dhaoine aonair agus ar thrádálaithe aonair.

4.2 An tSaoráil Faisnéise

Táthar tar éis an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014, a shínigh an tUachtarán Dé Máirt, 14 Deireadh Fómhair 2014, a shíneadh chun gach comhlacht poiblí a chlúdach lena n-áirítear an Binse Achomhairc Fostaíochta. Sloinntear in Alt 1(3)(b) den Acht go dtiocfaidh sé i bhfeidhm *‘i ndáil le haon chomhlacht nó le duine eile, nach raibh ina chomhlacht poiblí go díreach roimh an achtachán de réir bhrí Acht na bliana 1997, ach ar comhlacht poiblí é de réir bhrí an Achta seo, 6 mhí ón achtachán nó ar lá éigin níos déanaí, nach déanaí ná 12 mí ón achtachán, agus a fhéadann an tAire a cheapadh trí ordú.’* Níor clúdaíodh an Binse Achomhairc Fostaíochta faoin Acht sa bhliain 1997; is amhlaidh dá réir a fheidhmítear an tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014 don Bhinse ó 14 Aibreán 2015. Is féidir aon iarratas faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise a dhéanamh ó 14 Aibreán 2015 i scríbhinn nó trí ríomhphost go díreach chuig an mBinse.

4.3 Cartlannú Comhad

Is comhlacht sceidealaithe é an Binse Achomhairc Fostaíochta faoin Acht um Chartlann Náisiúnta 1986. Is amhlaidh go ginearálta a chaithfear taifid, ar sine ná 30 bliain iad agus i seilbh na gcomhlachtaí sceidealaithe, a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta agus a chur ar fáil lena n-imscrúdú ag an bpobal. Tar éis imscrúdú ag oifigigh na Cartlainne Náisiúnta an 6 Aibreán 2011 is amhlaidh a thug an Chartlann Náisiúnta údarú, de bhun alt 7(3) den Acht um Chartlann Náisiúnta 1986, nach fiú na taifid dá dtagraítear sa deimhniú (.i. achomhairc faoin reachtaíocht ábhartha) a chaomhnú sna Cartlanna Náisiúnta agus thug údarú dá ndiúscairt i gcomhréir le halt 7(5) den Acht. D’ordaigh cathaoirleach an Bhinse Achomhairc Fostaíochta gur féidir comhaid cháis a críochnaíodh 12 bliain déag ó shin nó ní ba luaithe a scriosadh go bliantúil. Bhí an Binse ag diúscairt comhad sa bhliain 2015 a tugadh chun críche roimh an mbliain 2003 agus lena linn.

4.4 Eolas Ginearálta um Chearta Fostaíochta

Déan teagmháil i gcomhair eolais ghinearálta maidir le cearta fostaíochta leis **An tAonad Eolais agus Seirbhíse do Chustaiméirí**, An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 W7W2: Fón: 059 9178990; Lóghlao 1890808090 (*Tugtar faoi deara go bhféadann na rátaí a ngearrtar d'úsáid uimhreacha 1890 (lóghlao) bheith éagsúil ó sholáthraí amháin go chéile*) nó Facs 0599178909.

AGUISÍN A**Reachtaíocht Fortheidhmiúcháin agus Teorainneacha Ama**

An tAcht	Teorainn Ama do thaisceadh éilimh	Foirm éilimh
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach	Tar éis don teorainn ama 6 seachtaine bheith imithe in éag	T1D
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis)	Tar éis don teorainn ama 6 seachtaine bheith imithe in éag	T1D
An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht)	Tar éis don teorainn ama 6 seachtaine bheith imithe in éag	T1D
An tAcht um Chosaint Daoine a Thuairiscíonn Mí-Úsáid Leanáí	Tar éis don teorainn ama 6 seachtaine bheith imithe in éag	T1D
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta)	Tar éis don teorainn ama 6 seachtaine bheith imithe in éag	T1D
Na nAchtanna Iomaíochta	Tar éis don teorainn ama 6 seachtaine bheith imithe in éag	T1D
Na hAchtanna um Chosaint Tomhaltóirí	Tar éis don teorainn ama 6 seachtaine bheith imithe in éag	T1D
Na hAchtanna Ceimiceán	Tar éis don teorainn ama 6 seachtaine bheith imithe in éag	T1D

AGUISÍN B**Gluais Téarmaí**

Éilitheoir	an té nó an chuideachta a thugann an cás.
Cosantóir	an té nó an chuideachta a dtugtar an cás ina gcoinne.
Achomharcóir	an té nó an chuideachta a thugann achomharc i gcoinne cinnidh.
Rannóg	feidhmíonn an Binse ina rannóga, le cathaoirleach nó leas-chathaoirleach agus beirt chomhaltaí eile ar gach aon cheann acu, comhaltaí amháin ó thaobh fostóirí an phainéil agus comhalta amháin ó thaobh na gceardchumann; bíonn gach cumhacht den chathaoirleach ag leas-chathaoirleach den Bhinse, nuair a fheidhmíonn siad mar chathaoirleach (ar iarratas an Aire nó an chathaoirligh).
Tarraingthe Siar	ní féidir iarratas a tharraingt siar ach amháin ag an éilitheoir nó ag ionadaí an éilitheora.
Socrú	comhaontú arna shroicheadh ag na páirtithe; is féidir leis sin tarlú roimh an éisteacht nó ag tráth ar bith i rith na héisteachta; ní eiseofar cinntiúchán sa chás seo.
Cead chun athiontrála	sa chás tar éis do na páirtithe teacht ar chomhaontú, go dtarraingítear siar an t-éileamh nó an t-achomharc, agus tugann rannóg teorainn ama dhocht chun an t-éileamh nó an t-achomharc a athiontráil. Is féidir é sin a shíneadh ach iarratas a fháil.
Curtha de Láimh	cás ar a n-eisítear cinntiúchán, cásanna a tharraingítear siar roimh éisteacht, a tharraingítear siar le linn éisteachta.
Ionadaíocht	féadann páirtí teacht os comhair an Bhinse gan ionadaíocht, nó le hionadaíocht ó abhcóide nó ó atur nae, nó le hionadaí ó cheardchumann nó ó eagras fostóirí nó le cead an Bhinse ó dhuine ar bith eile.
Cinntiúchán	is ionann cinntiúchán agus cinneadh an Bhinse arna dtaifeadadh i gcáipéis arna síniú ag an gcathaoirleach agus arna séalú le séala an Bhinse.
Clár	cuirtear cinntiúcháin an Bhinse i gclár, a bhíonn ar oscailt lena imscrúdú ag duine ar bith gan mhúirear i rith gnáthuaireanta ag oifigí rúnaíocht an Bhinse.

Níl an Ghluais seo de na téarmaí is coitianta as a mbaintear leas i ndáil leis na himeachtaí os comhair an Bhinse ina gluais uileghabhálach ná níl sí ceaptha bheith ina gluais iomlán. Is í an treoir don 'ghnáthdhuine' í i leith na dtéarmaí is coitianta úd, agus tá sí ceaptha chun cúnaimh le tuiscint na téarmeolaíochta.

AGUISÍN C**Comhlachtaí Comhairleacha agus Faisnéise****Faisnéis agus Seirbhís do Chustaiméirí**

An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
Bóthar Uí Bhriain
Ceatharlach
R93 W7W2
Fón: 059 9178990 nó lóghlao 1890808090
www.workplacerelements.ie

Seirbhís Imscrúdaithe agus Forghníomhaithe

An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
Bóthar Uí Bhriain
Ceatharlach
R93 W7W2
Fón: 059 9178800 nó lóghlao 1890220100
www.workplacerelements.ie

Seirbhís Breithniúcháin

An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
Teach Davitt
65A Bóthar Adelaide
Baile Átha Cliath 2
D02 TW27
Fón: 01 6313380

Seirbhís Idir-réitigh agus Idirghabhála

An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
Teach Tom Johnson
Bóthar Haddington
Baile Átha Cliath 4
D04 AE64
Fón: 01 6136700 nó lóghlao 1890220227
www.workplacerelements.ie

An Chúirt Oibreachais

Teach Tom Johnson
Bóthar Haddington
Baile Átha Cliath 4
Fón: 01 6136666 nó lóghlao 1890220228
www.workplacerelements.ie

An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

23 Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
Fón: +353 1 6312121 nó Lóghlao 1890220222
www.djei.ie

An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Teach Parnell
14 Cearnóg Parnell
Baile Átha Cliath 1
Fón: +353 1 8045200
www.cro.ie

An tSeirbhís Chúirteanna

15-24 Sráid an Fhionnuisce Thuaidh
Margadh na Feirme
Baile Átha Cliath 7
Fón: + 353 1 888 6000
www.courts.ie

An Rannóg Iomarcaíochta

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bloc C
Ionad Phort an Iarla
Sráid Haiste Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
Fón: 1890 800 699
www.welfare.ie

An Rannóg Dócmhainneachta

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Bloc C
Ionad Phort an Iarla
Sráid Haiste Íochtarach
Baile Átha Cliath 2
Fón: 1890 800 699
www.welfare.ie

Faisnéis do Shaoránaigh

Fón: +353 12 452 1600 nó Lóghlao 1890 777 121 nó +353 21 452 1600
Ceadagh www.citizensinformation.ie chun teacht ar an ionad eolais is gaire duit

Na Coimisinéirí Ioncaim

Ceadagh www.revenue.ie chun teacht ar oifig na gcoimisinéirí ioncaim is gaire duit